UNIVERSITY of LIMERICK

OLLSCOIL LUIMNIGH

Nósanna Imeachta um Fhoireann Taighde a Earcú

Arna Cheadú ag an Údarás Ceannais an 15 Feabhra 2013

Maidir leis an doiciméad seo agus aon aistriúchán foilsithe oifigiúil de, is ag an leagan Béarla a bheidh an forlámhas i gcás aon easaontacht léirithe a éireoidh.

Clár

Réamhrá……...3.

1. Post á Líonadh…….....4.

2. Fógra……...4.

3. Ról Rannóg na nAcmhainni Daonna (HR)……....4.

4. Scagadh agus Gearrliostú……..…5.

5. Teistiméireachtaí……..….5.

6. Baill an Bhoird Rognúcháin……..….5.

7. Ball an Bhoird nach bhfuil ar fail…….……6.

8. Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin…….……6.

9. Ról an Ionadaí HR…….…...6.

10. An tAgallamh……..…6.

11. An Ceapachán……..…..7.

Réamhrá

Déantar cur síos sa cháipéis faoi iamh ar na nósanna imeachta um fhoireann taighde a earcú/a cheapadh in Ollscoil Luimnigh. Faoi réir nósanna imeachta agus ghnáthaimh na hearnála poiblí maidir le hearcú agus ceapachán, fógrófar gach folúntas substaintiúil seachas poist ardú céime san Ollscoil féin agus beidh na folúntais sin faoi réir ag na nósanna imeachta arna leagan síos sa cháipéis seo. Caithfear conradh sainchuspóra nó conradh téarma sheasta a sholáthar i gcás gach folúntais sula gcuirtear tús leis. Cuirfear ar fáil don Údarás Ceannais liosta de na ceapacháin chonartha ar fad.

Tá sé mar chuspóir ag na nósanna imeachta seo sárfhoireann a mhealladh agus a roghú trí chóras cothrom, trédhearcach agus éifeachtach a chur ar bun.

1. Post á Líonadh

1.1 Socróidh Ceannaire an Tionscadail nó a (h)ainmní, de réir mar is cuí, go gcomhlíonfaí pacáiste earcaithe, ina mbeidh na nithe seo leanas:

A. Grád
B. Cód Costais
C. Saghas agus faid an chonartha
D. Dréachtfhógra
E. Na meáin a mholtar
F. Sonraí an phoist
G. Critéir réamh-scagtha, gearrliosta agus roghnúcháin
H. Baill an Bhoird Roghnúcháin a mholtar

1.2 Ní féidir leis an duine a ullmhaíonn an pacáiste earcaithe a bheith mar iarrthóir ar an bpost sin. Ba cheart aon choinbhleacht leasa ar bhonn gairmiúil nó pearsanta a chur in iúl don Déan nó dá (h)ainmní sula n-ullmhófar an pacáiste earcaithe.

1.3 Ní foláir údarú don phacáiste earcaithe a fháil ó na daoine seo leanas san ord seo leanas:

- Ceannaire an Tionscadail nó a (h)ainmní
- Ceann Roinne/Stiúrthóir Institiúide
- Déan
- Rannóg an Airgeadais
- Stiúrthóir HR nó a (h)ainmní

2. Fógra

2.1 Fógrófar na folúntais go léir maidir le foireann taighde go hinmheánach agus go seachtrach. Is féidir fógraíocht a dhéanamh sa phreas áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta, in irisí sainiúla agus sna meáin leictreonacha de réir mar is cuí. Anuas air sin, d'fhéadfaí na folúntais a scaipeadh i measc ollscoileanna eile nó institiúidí taighde eile nó comhlachtaí náisiúnta agus idirnáisúnta cuí eile. Cuirfear na fógraí ar fad ar shuíomh gréasáin Ollscoil Luimnigh.

2.2 Beidh sé soiléir i bhfoclaíocht na bhfógraí agus sa chruth atá orthu go bhfuil an post oscailte d'iarrthóirí, idir fhir agus mhná. Déanfar seo a lua go sonrach. Beidh ráiteas na hOllscoile maidir le comhdheiseanna ar gach fógra.

3. Ról Rannóg na nAcmhainní Daonna (HR)

3.1 Beidh Rannóg HR freagrach as an bpróiseas earcaithe a riaradh agus chomh maith leis sin, déanfaidh HR a chinntiú go gcomhlíonfar na nósanna imeachta seo ina n-iomláine. Cuirfidh HR comhairle ar fáil mar gheall ar an bpróiseas de réir mar is gá.

3.2 Cinnteoidh HR go ndearbhófar an fhianaise dhoiciméadach, teistiméireachtaí agus critéir chuí eile de chuid an iarrthóra a mholfar. Socróidh HR scrúdú leighis roimh thosú sa phost de réir mar is gá.

4. Scagadh agus Gearrliostú

4.1 Tar éis an spriocdháta le haghaidh iarratas, beidh Ceannaire an Tionscadail nó a (h)ainmní, le cabhair ó Rannóg HR, freagrach as na hiarratais go léir a scagadh chun deimhin a dhéanamh de nach gcuirfidh an Bord Roghnúcháin ar an ngearrliosta aon iarrthóir nach gcomhlíonann na cáilíochtaí/critéir. Déanfaidh Ceannaire an Tionscadail nó a (h)ainmní moladh maidir le líon na n-iarrthóirí a chuirfear ar an ngearrliosta ag an gcéim seo, nó d'fhéadfaí agallamh a chur ar na hiarrthóirí go léir a shásaíonn na cáilíochtaí.

4.2 Faoi réir ag 4.1 thuas, molfaidh baill an Bhoird Roghnúcháin gearrliosta as liosta d'iarrthóirí a ghlaofar chun agallaimh, bunaithe ar na critéir a luafar san fhógra agus san eolas a thabharfar d'iarrthóirí. Socrófar an liosta deiridh d'iarrthóirí a ghlaofar chun agallaimh, de réir na moltaí a fhaightear ón mBord Roghnúcháin.

4.2.1 D'fhéadfadh an scagadh agus an gearrliostú a bheith ar siúl le linn an chruinnithe chéanna chomh fada is go bhfuil baill uile an Bhoird Roghnúcháin (mar atá i roinn 6.3.1, 6.3.2 agus 6.3.3) mar aon le HR i láthair ag an gcruinniú.

5. Teistiméireachtaí

5.1 Cuirfidh na hiarrthóirí go léir a ghlaofar chun agallaimh dhá theistiméireacht ghairmiúla ar a laghad ar fáil do HR. Sa chás go measann Ceannaire an Tionscadail nó a (h)ainmní é a bheith riachtanach agus agus tar éis don iarrthóir a bheith curtha ar an eolas is féidir teistiméireachtai breise a fháil ó dhaoine nach bhfuil ainmnithe ag an iarrthóir. Ní thairgeofar aon cheapachán go dtí go mbeidh na teistiméireachtaí sásúla faighte. Ní mór teistiméireacht a fháil ón bhfostóir reatha.

6. Baill an Bhoird Roghnúcháin

6.1 Tá sé de cheart ag an Uachtarán a bheith mar bhall de Bhord Roghnúcháin ar bith nó chun duine a ainmniú ar an mBord Roghnúcháin.

6.2 Beidh an dá inscne ar gach Bord Roghnúcháin. Má bhíonn ochtar nó níos mó ar an mBord Roghnúcháin, ba cheart ar a laghad beirt ón dá inscne a bheith ann.

6.3 Is faoi réir ag 6.3.1, 6.3.2 agus 6.3.3 thíos, faoi seach, a shocrófar ballraíocht an Bhoird Roghnúcháin maidir leo seo leanas: Ánra Taighde Sinsearach/Ánra Taighde, Taighdeoir Iardhochtúireachta agus Cúntóir Taighde. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfaí Boird Roghnúcháin níos mó a úsáid tar éis dul i gcomhairle le HR.

6.3.1 Ar an mBord Roghnúcháin chun Ánra Taighde Sinsearach/Ánra Taighde a cheapadh beidh:

1. Ceannaire an Tionscadail nó a (h)ainmní
2. Ceann Roinne/Stiúrthóir Institiúide (nó a (h) ainmní)

6.3.2 Ar an mBord Roghnúcháin chun Taighdeoir Iardhochtúireachta a cheapadh beidh (faoi réir ag íosmhéid de bheirt):

1. Ceannaire an Tionscadail nó a (h)ainmní
2. Léachtóir acadúil inmhéanach amháin ar a laghad nó os a chionn. Sa chás gur féidir, ba chóir don bhall seo den bhord bheith ina s(h)aineolaí ar an ábhar céanna.

6.3.3 Ar an mBord Roghnúcháin chun Cúntóir Taighde a cheapadh beidh (faoi réir ag íosmhéid de bheirt):

1. Ceannaire an Tionscadail nó a (h)ainmní
2. Léachtóir acadúil inmhéanach amháin ar a laghad nó os a chionn. Sa chás gur féidir, ba chóir don bhall seo den bhord bheith ina s(h)aineolaí ar an ábhar céanna.

7. Ball an Bhoird nach bhfuil ar fáil

7.1 Sa chás nach mbeidh ball de chuid an Bhoird Roghnúcháin ar fáil, ainmneoidh an Déan nó a (h)ainmní ionadaí nó socróidh sé/sí cé acu an leanfaidh nó nach leanfaidh na hagallaimh ar aghaidh.

8. Cathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin

8.1 Beidh Ceannaire an Tionscadail nó a (h)ainmní mar chathaoirleach ar an mBord Roghnúcháin nó ainmneoidh sé/sí ball den Bhord Roghnúcháin le bheith mar Chathaoirleach an Bhoird.

8.2 Anuas ar bheith mar bhall iomlán ar an mBord Roghnúcháin, cinnteoidh an Cathaoirleach go bpléifear le gach iarrthóir ar bhonn leanúnach agus cothrom le linn na n-agallamh.

8.3 Iarrfaidh an Cathaoirleach ar bhaill uile an Bhoird Roghnúcháin maidir le coinbhleacht leasa ar bith a d'fhéadfadh a bheith acu i gcás iarrthóra ar bith a thiocfaidh os comhair an Bhoird.

8.4 Tá an Cathaoirleach freagrach as tuairisc(í) an Bhoird Roghnúcháin a chríochnú ag deireadh an phróisis.

9. Ról an Ionadaí HR

9.1 Beidh ionadaí ó Rannóg HR i láthair ag tús gach cruinnithe a bheidh ag an mBord Roghnúcháin , chun comhairle a chur ar an mBord Roghnúcháin maidir leis na nósanna imeachta seo chomh maith leis an reachtaíocht fostaíochta a bhaineann le hábhar agus chun an cháipéisíocht agallaimh chuí a scaipeadh. Beidh an t-ionadaí ó HR i láthair ag deireadh Chruinniú an Bhoird Roghnúcháin chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an cháipéisíocht chuí comhlánaithe agus coimeádfaidh an t-ionadaí an cháipéisíocht go léir a bhaineann le cinneadh an Bhoird.

9.2 D'fhéadfadh ionadaí ón Rannóg HR a bheith mar bhall den Bhord Roghnúcháin arna ainmniú ag an mbainisteoir cuí. Sna cásanna seo, ba cheart don bhall seo den bhord a bheith mar bhall breise anuas ar an íosmhéid de bhaill an Bhoird Roghnúcháin, mar a shonraítear i Roinn 6.

10. An tAgallamh

10.1 Roimh an agallamh, socróidh an Bord Roghnúcháin leagan amach don agallamh. Air seo beidh na ceisteanna lárnacha agus réiteofar córas scórála. Déanfar na hiarrthóirí a mheas de réir na gcritéar a luafar san fhógra agus san eolas a chuirfear ar fáil d'iarrthóirí.

10.2 Is féidir agallaimh a chur ar siúl trí fhíschomhdháil nó trí áiseanna ceamara gréasáin de réir mar is cuí. Ní dhéanfar agallaimh ar an teileafón.

10.3 Tabharfaidh gach ball den Bhord Roghnúcháin measúnú ar na hiarrthóirí de réir na gcritéar aontaithe. Déanfaidh an Bord Roghnúcháin iarracht chun teacht ar chomhréiteach maidir le hord rangaithe na n-iarrthóirí atá incheaptha. Sa chás nach féidir leis an mBord Roghnúcháin cinneadh d'aon ghuth a dhéanamh, ní foláir tuairisc don tromlach agus don mhionlach a ullmhú.

11. An Ceapachán

11.1 Cuirfear moladh an Bhoird Roghnúcháin ar aghaidh chuig an Déan nó a (h)ainmí. Pléifidh an Déan leis an gceapachán de réir mar is cuí, acmhainní na roinne curtha san áireamh.